


An tInnéacs um an nGeilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach¹ 2016²

Próifíl tíre Éire

Tá scór iomlán³ **0.59** ag Éirinn agus tá sí san 8ú háit san Aontas Eorpach. Le linn na bliana seo caite tháinig méadú mór ar an gclúdach NGA (80 %, sin 9 bpointe céatadán de mhéadú) agus ar a fhorleithne atá úsáid an leathanbhanda thapa (51 %, sin 6 phointe céatadán de mhéadú). Tháinig méadú ar úsáid seirbhísí idirlín freisin (bhreathnaigh 48 % den daonra ar scéalta nuachta ar líne, d'úsáid 66 % líonraí sóisialta, rinne 63 % siopadóireacht ar líne, rinne 64 % baincéireacht ar líne, agus d'úsáid 56 % seirbhísí rialtais ar líne ar bhonn rialta). Is gá níos mó dul chun cinn a dhéanamh i dtaca le scileanna digiteacha a mhéadú (níl scileanna digiteacha maith a ndóthain ach ag 44 % den daonra le feidhmiú go héifeachtach ar líne – is é 55 % meánfhigiúr an Aontais Eorpaigh) agus ní mór líon na ngairmithe oilte i dTeicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide a mhéadú (dar le tuairim is leath de na gnólachtaí a ceistíodh téann sé dian orthu speisialtóirí sa réimse sin a aimsiú nuair a bhíonn siad ag iarraidh iad a fhostú). Ina theannta sin, is gá d'fhiontair níos mó dul chun cinn a dhéanamh maidir le comhtháthú teicneolaíochtaí digiteacha áirithe (cuir i gcás, baineann 23 % de ghnólachtaí úsáid as ríomhtheicneolaíochtaí malartaithe faisnéise agus úsáideann 4 % díobh sainnithint radaimhinicíochta).

Cé go n-éiríonn le hÉirinn scór níos airde a bhaint amach ná meán an Aontais Eorpaigh is moille a tháinig an feabhas sin uirthi i gcomórtas leis an Aontas Eorpach ina iomláine, rud a fhágann í ar an



¹ Innéacs ilchodach é an tInnéacs um an nGeilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach (The Digital Economy and Society Index – DESI) a cheap an Ard-Stiúrthóireacht den Choimisiún Eorpach ar a dtugtar 'CNECT' chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo geilleagar agus sochaí dhigiteach atá tíortha an Aontais Eorpaigh a dhéanamh. San innéacs, bailítear le chéile tacar de tháscairí a bhaineann le hábhar i gcúig réimse, mar atá: nascacht, caipiteal daonna, úsáid an idirlín, comhtháthú na teicneolaíochta digítí agus seirbhísí poiblí digiteacha. Tá tuilleadh eolais faoi DESI le fáil anseo <http://ec.europa.eu/digital-agenda/en/digital-agenda-scoreboard>

² Táscairí a bhaineann leis an mbliain féilire 2015 is mó a úsáideadh agus innéacs 2016 á chur le chéile (ach amháin i gcás nach raibh sonraí ar fáil don bhliain féilire sin: ba iad na sonraí ba dhéanaí roimhe sin a úsáideadh sa chás sin).

³ Is féidir scóir DESI ó 0 go dtí 1 a thabhairt, agus dá airde an scór atá ag tír is ea is fearr atá ag éirí léi.

ngrúpa tíortha sin **atá ag druidim chun tosaigh go mall**⁴.

Éire rangú	scór	Grúpa	AE	
		scór	scór	scór
DESI 2016	8	0.59	0.62	0.52
DESI 2015	7	0.57 ⁵	0.6	0.5

⁴ Is éard a thuigtear le tíortha atá ag druidim chun tosaigh go mall tíortha a bhfuil a scór os cionn mheán an Aontais Eorpaigh ach gur mhéadaigh ar a scór ar bhonn níos móille ná scór an Aontais Eorpaigh ina iomláine (i gcomórtas le DESI 2015). Is iad seo a leanas na tíortha eile atá ag druidim chun tosaigh go mall: an Bheilg, an Danmhairg, an Eastóin, an Fhionlainn, an Liotuáin, Lucsamburg, an tSualainn agus an Ríocht Aontaithe.

⁵ Rinneadh na scóir a tugadh do gach tír in DESI 2015 a athríomh chun nuashonruithe agus leasuithe a rinneadh ar na bunsonraí táscaire, idir Bealtaine 2015 agus Eanáir 2016, a chur san áireamh. Mar sin, b'fhéidir go bhfuil cuid de na scóir agus na ranguithe a luaitear le tíortha tar éis athrú ó cuireadh amach an foilseachán deireanach. Tá tuilleadh eolais faoi sin le fáil i nóta modheolaíochta DESI.